Gaeloideachas

Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

# Aighneacht Gaeloideachas maidir le straitéis 2025-2030 an Fhoras Taighde ar Oideachas

Lúnasa 2024

## Aitheantas agus comhionannas

Iarrann Gaeloideachas, thar ceann na scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta, go n-aithnítear an earnáil thumoideachais Ghaeilge mar earnáil ar chomhthábhacht le hearnáil an Bhéarla trí gach ghné d'obair an Fhorais Taighde ar Oideachas. Ina theannta sin, agus mar chóras atá ag cur teanga mhionlach, gur ceann den dá theanga oifigiúil atá sa tír, chun cinn, go n-aithneofar í mar sciar den mhór earnáil oideachais atá uathúil agus a bhfuil riachtanais ar leith aici, ach a bhfuil na cearta céanna ag na páistí agus daoine óga atá faoi chúram na scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta is atá acu siúd sna scoileanna meán-Bhéarla.

## Trialacha caighdeánaithe

Iarraimid go sonrach go ndéanfar riachtanais na scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta a thabhairt san áireamh ach go háirithe nuair atá trialacha caighdeánaithe á bhforbairt nó á leasú:

- go dtabharfar comhstádas dóibh agus go mbeidh siad ar fáil ag an am céanna leis na leaganacha Béarla, thar réimse iomlán na n-ábhar, agus;
- go gcinnteofar go bhfuil siad ag leibhéal atá oiriúnach do phobail na scoileanna sin, agus
- Go n-aithnítear sna trialacha cumais éagsúla teanga an dalta, ó fhoghlaimeoirí go cainteoirí dhúchais.

Táimid tuisceanach ar na dúshláin a bhaineann le hábhar a fhorbairt go comhuaineach, go háirithe más próiseas atriallach atá ann. Tá sé ríthábhachtach go léireodh an Foras Taighde, mar fhoras Stáit, an tábhacht agus an luach a bhaineann leis an nGaeilge agus le pobail na scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta, trí gach gníomh agus tacaíocht don earnáil oideachais.

## Cumas foirne

Iarraimid go dtógfar an Ghaeilge san áireamh agus foireann an Fhorais á ceapadh, le go mbeidh sé ar chumas na foirne plé leis na scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta ina dteanga oibre féin. Iarraimid go mbeadh tuiscint ag an bhfoireann uile ar mhúnla an tumoideachais chun go mbeidh riachtanais na hearnála tugtha san áireamh i gcónaí le linn céimeanna pleanála do thaighde agus tionscadail.

## Taighde ionadaíoch

Agus scoileanna, pobail nó eile á roghnú le bheith rannpháirteach i dtaighde, iarraimid go mbeadh suíomhanna tumoideachais ina measc mar nós, le go mbeidh léargas ar an gceist taighde sa suíomh lán-Ghaeilge/Gaeltachta san áireamh sa toradh. Tá sé den riachtanas agus taighde á fhoilsiú mar

bhonn eolais do cheapadh beartais agus d'fheabhsú na gcaighdeán oideachais go dtuigfear agus go dtugtar comhartha sóirt i gcónaí maidir le aon tionchar féideartha ar an gcóras tumoideachais.

Cuireann Gaeloideachas an-luach ar obair an Fhorais agus fáiltíonn muid roimh an deis bheith ag comhoibriú libh le bhur straitéis nua a chur i gcrích.